2026/354

13.2.2026

CINNEADH (CBES) 2026/354 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Feabhra 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/144 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/144 [1] lena gceaptar Peter SØRENSEN mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 28 Feabhra 2026.

(2) Ba cheart síneadh 24 mhí a chur le sainordú ISAE agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028.

(3) Cumhdófar le sainordú ISAE an tIdirphlé idir Béalgrád agus Pristine.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/144 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

1. Leis seo, ceaptar Peter SØRENSEN mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine don tréimhse ón 1 Feabhra 2025 go dtí an 28 Feabhra 2026.

2. Cuirtear síneadh le sainordú Peter SØRENSEN mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine go dtí an 29 Feabhra 2028.

3. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE ("an sainordú") a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar bhonn togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí").'.

(2) In Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 4 541 621,22 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an sainordú sa tréimhse ón 1 Márta 2026 go dtí an 29 Feabhra 2028 a chumhdach.'.

[1] Cinneadh (CBES) 2025/144 ón gComhairle an 27 Eanáir 2025 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine (IO L, 2025/144, 28.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/144/oj).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS